

Ráiteas Príobháideachais maidir le Cosaint Sonraí Pearsanta Phróiseáil sonraí pearsanta cuairteoirí ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa

Baineann an ráiteas príobháideachais seo leis an bphróiseáil a dhéanann Cúirt Iniúchóirí na hEorpa ar shonraí pearsanta a bhailítear ó chuairoteoirí chuig a háitreabh.

Tugtar tuairisc thíos ar an gcaoi a ndéanann an Chúirt sonraí pearsanta a phróiseáil agus a chosaint.

Cé air a bhfuil an cúram sonraí pearsanta a phróiseáil?

Tá an phróiseáil sonraí faoi chúram an Oifigigh Slándála Fisiciúla

Cén fáth a mbailítear sonraí pearsanta?

Bailimid sonraí chun rochtain a thabhairt ar áitreabh na Cúirte, cuairteoirí a bhainistiú, súil a choinneáil orthu agus cártaí rochtana a eisiúint.

Ar an mbealach sin, beimid in ann beart a dhéanamh nuair a iarrfaidh tú sin orainn (e.g. i gcomhair cuairteanna staidéir agus faisnéise, nó úsáid a bhaint as an gceantín).

I gcás cuairteoirí nach bhfuil faoi cheangal ag conradh ná conartha féideartha, a luaithe a líonann tú an fhoirm do chuairoteoirí isteach tá toiliú á thabhairt agat do na cleachtais sonraí a bhfuil cur síos orthu sa ráiteas seo.

Ní mór do gach cuairteoir an fhoirm do chuairoteoirí a líonadh isteach; agus mura ndéanfar sin diúltófar rochtain a thabhairt dóibh ar áitreabh na Cúirte.

Cad iad na rialacha lena rialaítear an chaoi a n-úsáidtear na sonraí?

Is é an creat dlíthiúil atá i bhfeidhm sa Chúirt chun sonraí pearsanta a phróiseáil ná [Rialachán \(AE\) 2018/1725](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin.

Is é an bunús dlí atá ann chun do sonraí pearsanta a phróiseáil ná an gá atá le cúram a chur i gcrích, ar mhaithe le leas an phobail, mar atá bainistiú shlándáil inmheánach na Cúirte.

Cé na sonraí pearsanta a bhailimid?

Déanfar na cineálacha seo sonraí a bhailiú: d'ainm iomlán, dáta agus áit bhreithe, náisiúntacht, inscne, ainm na heagraíochta, eolas ar do chárta aitheantais (uimhir, dáta eisiúna, dáta éaga agus údarás eisithe an phas/an chárta aitheantais), teanga/teangacha arna n-úsáid, uimhir an chárta rochtana, eolas faoi rochtain ar áitreabh na Cúirte (dáta an chéad dul isteach, agus dáta/uair gníomhachtaithe an phointe rialaithe rochtana).

Cé aige a bhfuil rochtain ar na sonraí agus cé leis a nochtfar iad?

Déanfaidh an tSeirbhís Slándála agus Sábháilteachta do shonraí pearsanta a phróiseáil.

Is ag foireann na Seirbhíse, agus acu sin amháin, a bheidh rochtain ar do chuid sonraí pearsanta.

Má dhéantar gearán a thaisceadh, féadfar do sonraí pearsanta a aistriú chuig faighteoirí eile: an tOmbudsman Eorpach, an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, Oifigeach Cosanta Sonraí na Cúirte Iniúchóirí.

Cé na bearta slándála a dhéantar chun do sonraí a chosaint ar mhí-úsáid nó ar rochtain neamhúdaraithe?

Déantar tacair sonraí a stóráil go sábháilte i lárionad sonraí na Cúirte Iniúchóirí i Lucsamburg agus, dá bhrí sin, bíonn feidhm maidir leo ag na bearta éagsúla a dhéantar chun infhaighteacht, sláine agus rúndacht shócmhainní leictreonacha na hinstiúide a chosaint.

Úsáidtear SERVICENOW mar phróiseálaí chun na hiarrataí ar chearta rochtana do chuairoteoirí a bhainistiú. Ráthaíonn na clásail chonartha idir an Chúirt agus an chuideachta cosaint leordhóthanach ar na sonraí a phróiseáiltear. Ní bhíonn cead ach ag úsáideoirí áirithe rochtain a fháil ar sonraí pearsanta. Tugtar na cearta rochtana de réir an phrionsabail “ar bhonn riachtanais eolais”, agus cuirtear ról, post agus freagrachtaí an úsáideora lena mbaineann san áireamh sa chinneadh sin. Bíonn na cearta sin á nuashonrú go rialta de réir mar a athraíonn freagrachtaí ball foirne.

Is ar Ardrúnaí Chúirt Iniúchóirí na hEorpa atá an fhreagracht fhoriomlán as na rialacha maidir le cearta rochtana a chur chun feidhme agus as na rialacha maidir le cosaint sonraí a chomhlíonadh, ach tá an fhreagracht i leith na réimsí sin tarmilgthe aige/aici chuig eintitis éagsúla. Tá beartas slándála faisnéise ag an gCúirt agus, chomh maith

leis sin, tá Oifigeach Slándála Faisnéise aici a fhéachann chuige go gcuirtear an beartas chun feidhme i gceart agus go ndéantar éifeachtúlacht na seiceálacha gaolmhara a thástáil. Tá SERVICENOW deimhnithe faoi ISO27001.

Cá fhad a choimeádtar sonraí pearsanta?

Coimeádtar sonraí pearsanta ar feadh bliain amháin — cé is moite d'fhaisnéis faoi ghníomhachtú na bpointí rialaithe rochtana, a choimeádtar ar feadh sé mhí.

Cad iad na cearta atá agat?

Na cearta atá agat maidir le do shonraí pearsanta, tá siad leagtha síos in Airteagal 17 go hAirteagal 24 de Rialachán (AE) 2018/1725.

Tá an ceart agat rochtain a fháil ar do chuid sonraí pearsanta agus iad a cheartú gan aon mhoill mhíchúí má tá siad míchruinn nó neamhiomlán.

Faoi choinníollacha áirithe, tá sé de cheart agat a iarraidh orainn do shonraí pearsanta a léirsciosadh nó úsáid na sonraí sin a shrianadh. I gcás inarb infheidhme, tá sé de cheart agat agóid a dhéanamh i gcoinne phróiseáil do shonraí pearsanta, tráth ar bith, ar chúiseanna a bhaineann go sonrach le do chás féin agus tá ceart chun iniomparthacht sonraí agat.

Déanfaimid an t-iarratas uait a mheas, déanfaimid cinneadh faoi agus cuirfimid fógra chugat gan aon mhoill mhíchúí agus, ar chaoi ar bith, laistigh d'aon mhí amháin tar éis an t-iarratas a fháil. Is féidir dhá mhí eile a chur leis an tréimhse sin más gá.

Is féidir leat do chearta a fheidhmiú ach teagmháil a dhéanamh leis an rialaitheoir sonraí. Tá na sonraí teagmhála tugtha thíos.

Cé leis ar cheart teagmháil a dhéanamh má bhíonn ceist nó gearán agat?

Is é an chéad phointe teagmhála ná ECA-security@eca.europa.eu.

Is féidir leat teagmháil a dhéanamh, tráth ar bith, le hOifigeach Cosanta Sonraí na Cúirte Iniúchóirí (eca-data-protection@eca.europa.eu) má bhíonn aon ábhar imní/aon ghearán agat a bhaineann le próiseáil do shonraí pearsanta.

An tOifigeach Cosanta Sonraí
Cúirt Iniúchóirí na hEorpa
12, rue Alcide De Gasperi,
L-1615 Lucsamburg

Tá sé de cheart agat gearán maidir le próiseáil do shonraí pearsanta a chur, tráth ar bith, chuig an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (edps@edps.europa.eu)